2025/2512

9.12.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2512 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Nollaig 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 a mhéid a bhaineann le húsáid aisíocaíochta luaithe iasachtaí droim le droim faoi chláir cúnaimh airgeadais

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 224(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 ón gCoimisiún ([2]) leagtar amach [socruithe rialachais], creat bainistithe riosca agus comhlíontachta le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais, bainistithe leachtachta agus iasachtaithe a dhéantar i gcur chun feidhme na straitéise cistiúcháin éagsúlaithe. Ina theannta sin, tá forálacha bainistíochta riosca agus comhlíontachta Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 infheidhme freisin maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe a dhéantar de réir an mhodha 'droim le droim'.

(2) Léirigh tairbhithe iasachtaí a soláthraíodh de réir an mhodha 'droim le droim' a spéis in aisíocaíocht luath na n-iasachtaí a fuair siad. D'fhéadfadh aisíocaíochtaí luatha den sórt sin foinse chistiúcháin bhreise a sholáthar freisin a d'fhéadfadh an Coimisiún a chomhtháthú sa chistiú faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe. Ar an gcúis sin, ba cheart cead a bheith aige méideanna a aisíocadh go luath d'iasachtaí 'droim le droim' a úsáid, in ionad oibríochtaí iasachtaíochta nó bainistithe fiachais, chun freastal ar na riachtanais chistiúcháin a bhfuil coinne leo faoin straitéis chistiúcháin éagsúlaithe.

(3) Dá réir sin, tar éis aisíocaíocht luath iasachta a thabhairt i gcrích, ba cheart caitheamh leis an bhfiachas comhfhreagrach gan íoc ó oibríocht iasachtaíochta arna déanamh faoin modh 'droim le droim' mar fhiachas a eascraíonn as oibríocht iasachtaíochta faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 a leasú dá réir.

(5) Chun go mbeidh an Coimisiún in ann glacadh le hiarrataí ar aisíocaíocht luath na n-iasachtaí 'droim le droim' agus chun go mbeidh sé in ann rochtain a fháil ar mhéideanna a aisíocadh go luath mar fhoinse chistiúcháin gan moill mhíchuí, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

([1]) IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 lena mbunaítear na socruithe maidir le riar agus cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais an Aontais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus oibríochtaí gaolmhara iasachtaithe (IO L, 2023/2825, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2825/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 6 de Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825, cuirtear isteach an mhír 3 seo a leanas:

‘(3) Méideanna a aisíoctar go luath d’iasachtaí a thugtar i gcrích faoin modh ‘droim le droim’, féadfar iad a úsáid chun freastal ar na riachtanais chistiúcháin a bhfuil coinne leo in ionad oibríochtaí iasachtaíochta nó bainistithe fiachais. Ba cheart caitheamh leis an bhfiachas comhfhreagrach gan íoc ó oibríocht iasachtaíochta a dhéantar faoin modh ‘droim le droim’ tar éis aisíocaíocht luath mar fhiachas a eascraíonn as oibríocht iasachtaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1).’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN